

# CEISTNEOIR MAIDIR LEIS AN GCÁIN CONARTHAÍ IOMCHUÍ



Le comhlánú ag fochonraitheoirí neamhchónaitheacha i ndáil le gach conradh a dhéantar le príomhchonraitheoir.

Ní mór gach cuid den cheistneoir a chomhlánú. Má loictear an t-eolas cuí a thabhairt, beidh moill ar d'éileamh a phróiseáil.

Maidir le conarthaí leanúnacha, féadtar cóip den Cheistneoir bunaidh a thíolacadh, in éineacht le gach ceann de na Fógraí Íocaíochta dá éis. Ba chóir sonraí na bhFógraí Íocaíochta seo, de réir Cheist 3, a chur ar fáil ar bhileog ar leithligh.

*Léigh na nótaí ar leathanach 3/4 roimh an bhfoirm seo a chomhlánú*

Freagair gach ceann de na ceistanna seo a leanas:

1. Ainm an Éilitheora:

Ainm Trádála:

Uimhir Cánach Éireannach:

Seoladh:

2. Sonraí Teagmhála  
Ainm & Seoladh an Phríomhchonraitheora:

Uimhir Cánach Éireannach:  Dáta an Chonartha:

Luach an Chonartha: €  Dáta Tosaithe:

Dáta Críochnaithe:

Sonraigh nádúr cruinn na hoibre a dhéantar faoin gconradh seo:

3.

Seoladh iomlán an tSuímh i ndáil leis an gconradh thuas	Tosú Dáta	Dáta Críochnaithe Dáta	Líon na Laethanta ar an Láthair	Fógra Íocaíochta	Suim an Fhógra Íocaíochta €

*Mura bhfuil a dhóthain spáis ar fáil, féadtar sonraí i leith Fógraí Íocaíochta eile a chur ar fáil ar bhileog ar leithligh.*

4. An raibh aon ábhair ann a sholáthair an fochonraitheoir le linn chúrsa an chonartha?  **Bhí**  **Ní raibh**

Má bhí, tabhair sonraí faoi na hábhair a soláthraíodh:

Céard é gar-chéatadán/garluach na n-ábhar a soláthraíodh i ndáil leis an gconradh ar an iomlán?

€

**5.**

Chun críocha Buan-Fhoras a dheimhniú faoi théarmaí an Chomhaontaithe um Chánachas Dúbailte idir Éire agus , Deimhnigh an méid seo a leanas a bheith agat i bPoblacht na hÉireann:

- |  | Is ea                    | Ní hea                   |
|--|--------------------------|--------------------------|
| (a) áit bhainistíochta:  | <input type="checkbox"/> | <input type="checkbox"/> |
| (b) brainse:   | <input type="checkbox"/> | <input type="checkbox"/> |
| (c) oifig / oifig suímh:   | <input type="checkbox"/> | <input type="checkbox"/> |
| (d) monarcha nó ceardlann:   | <input type="checkbox"/> | <input type="checkbox"/> |
| (e) duine chun idirbheartaíocht a dhéanamh ar chonarthaí ar do shon: | <input type="checkbox"/> | <input type="checkbox"/> |
| (f) suíomh tógála nó tionscadal tógála / suiteála:                   | <input type="checkbox"/> | <input type="checkbox"/> |

**Má thug tú an freagra 'is ea' ar aon cheann de na ceisteanna thuas, tabhair na sonraí ar bhileog ar leithligh.**

**6.**

Ar chuir tú aon chuid den chonradh amach ar fhoconradh?

Chuir	Níor chuir
<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>

Má chuir, comhlánaigh an méid seo a leanas:

Ainm an Fhoconraitheora	Uimhir Cánach Éireannach	Íocaíocht Chomhlán	Dáta na hÍocaíochta	Uimhir an Chárta Íocaíochta (más cuí)	Fógra Íocaíochta

**Mura bhfuil a dhóthain spáis ar fáil, féadtar an t-eolas thuas a chur ar fáil ar bhileog ar leithligh**

	Chláraigh	Níor chláraigh
Ar chláraigh tú mar Phríomhchonraitheoir? - <b>Féach Nóta 2 ar Leathanach 4.</b>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>

**7.**

Ar úsáideadh aon fhostaithe le linn chúrsa an chonartha?

Úsáideadh	Níor úsáideadh
<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>

Má úsáideadh, sonraigh an méid seo:

- |   |                          |                          |
|---|--------------------------|--------------------------|
| a) an bhfuil aon duine de na fostaithe cónaitheach i bPoblacht na hÉireann?   | <input type="checkbox"/> | <input type="checkbox"/> |
| b) an bhfuil aon duine de na fostaithe cónaitheach taobh amuigh den Stát, agus má tá,<br>an bhfuil aon duine de na fostaithe ag obair sa Stát ar feadh 60 lá ar an iomlán i mbliain an mheasúnaithe? – <b>Féach Nóta 3 ar Leathanach 4.</b> | <input type="checkbox"/> | <input type="checkbox"/> |

**8.**

An bhfuil tú/do chomhlacht cláraithe le haghaidh CBL Éireannach?

Tá	Níl
<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>

Má tá, tabhair an uimhir:

Má iarrtar ort cuntas a thabhairt i leith CBL ar an ioncam ó na Fógraí Íocaíochta a tiolacadh leis an bhfoirm seo, deimhnigh na tréimhsí CBL atá i gceist:

**(Féach Nóta 1 ar Leathanach 3 le haghaidh sonraí maidir le do dhualgais CBL.)**

9.

Tá

Níl

Cealú Clárúcháin Cánach

An bhfuil tú ag scor de ghníomhaíochtaí trádála i bPoblacht na hÉireann?

**Má tá, féach Nóta 4 ar Leathanach 4.**

## Dearbhú

Dearbhaím ar feadh m'eolais go bhfuil an t-eolas uile atá tugtha ar an bhfoirm seo sonraithe i gceart.

Síniú:

Post:

Dáta:

/ / 

## Nuair a bheidh an fhoirm seo comhlánaithe ina hiomláine, ba chóir í a sheoladh chuig:

An Fho-Rannóg Éileamh Idirnáisiúnta

Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim

Oifigí an Rialtais

An tAonach

Contae Thiobraid Árann

E45 T611, Éire.

Fón: +353 (0) 67 63174

Ríomhphost: [intclaims@revenue.ie](mailto:intclaims@revenue.ie)

## NÓTAÍ

### Nóta 1 – Cáin Bhreisluacha (CBL)

I gcás aon fhoichonraitheoirí neamhchónaitheacha a chuireann seirbhísí tógála ar fáil do phríomhchonraitheoirí taobh istigh de scóp na Cánach Conarthaí Iomchuí (mar a shainítear in Alt 530 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997, ach gan tarlú ar cíos san áireamh), ní iarrtar orthu clárú le haghaidh CBL. Féadann foichonraitheoirí den chineál sin clárú le haghaidh CBL, d'fhonn creidmheas a éileamh i leith CBL ionchuir a tabhaíodh.

I ndáil leis an riachtanas clárú le haghaidh CBL, agus CBL a ghearradh agus cuntas a thabhairt ina leith, áfach, níl aon athrú tagtha ar dhualgais foichonraitheoirí neamhchónaitheacha a dhéanann oibríochtaí cuí sa tionscal próiseála feola nó sa tionscal foraoiseachta nó iad siúd atá páirteach i dtarlú ar cíos taobh istigh den tionscal tógála. Moltar d'fhoichonraitheoirí neamhchónaitheacha féachaint ar [www.revenue.ie](http://www.revenue.ie) chun a ndualgais CBL a dheimhniú.

Chun clárú le haghaidh CBL, ní mór do Thrádálaithe Aonair agus Comhpháirtíochtaí foirm TR1(FT) a chomhlánú. Ní mór do chuideachtaí foirm TR2(FT) a chomhlánú. Féadtar teacht ar na foirmeacha seo ar ár suíomh idirlín ar

[www.revenue.ie/ga/starting-a-business/registering-for-tax/index.aspx](http://www.revenue.ie/ga/starting-a-business/registering-for-tax/index.aspx).

Ba chóir na foirmeacha comhlánaithe a chur chuig an seoladh atá luaite ar leathanach 4.

## Nóta 2 – Cáin Conarthaí Iomchuí (CCI)

Má tá aon chuid de do chonradh curtha amach ar fhochoonradh, beidh ort clárú le haghaidh CCI mar phríomhchonraitheoir agus CCI a oibriú.

Chun clárú don CCI mar phríomhchonraitheoir, ba chóir TR1(FT) nó TR2(FT) a chomhlánú. Féadtar teacht ar na foirmeacha seo ar [www.revenue.ie/ga/starting-a-business/registering-for-tax/index.aspx](http://www.revenue.ie/ga/starting-a-business/registering-for-tax/index.aspx). Ba chóir foirmeacha comhlánaithe a chur ar ais chuig an seoladh thíos.

## Nóta 3 – Cláraigh mar Fhostóir do ÍMAT/ÁSPC (PREM)

Má tá aon duine de do chuid fostaithe ag obair i bPoblacht na hÉireann ar feadh breis agus 60 lá ar an iomlán i mbliain an mheasúnaithe, agus, i gcás ar bith, ar feadh tréimhse leanúnach nach lú ná 60 lá oibre, beidh dualgas ort clárú mar fhostóir, agus féadfaidh sé go mbeidh ort an córas ÍMAT Éireannach a oibriú (Bliain an mheasúnaithe: 1 Eanáir go 31 Nollaig).

Má tá tú cláraithe cheana féin le haghaidh CBL, CCI, Cáin Chorporáide nó Cáin Ioncaim, ba chóir foirm clárúcháin PREM a chomhlánú. Chun clárú le haghaidh ÍMAT/ÁSPC, ba chóir foirm clárúcháin PREM (nó TR1(FT) / TR2(FT)) a chomhlánú. Féadtar teacht ar na foirmeacha seo ar ár suíomh idirlín ar [www.revenue.ie/ga/starting-a-business/registering-for-tax/index.aspx](http://www.revenue.ie/ga/starting-a-business/registering-for-tax/index.aspx). Ba chóir foirmeacha comhlánaithe a chur ar ais chuig an seoladh thíos.

I gcás go bhfuil aon cheist eile agat maidir le do dhualgais PREM, ba chóir duit teagmháil a dhéanamh leis na Coimisinéirí Ioncaim, Clárúchán Theas, Loch Garman, Éire ag +353 1 7383613 nó trí ríomhphost a sheoladh chuig [regsouth@revenue.ie](mailto:regsouth@revenue.ie).

## Nóta 4 – Uimhir Clárúcháin Cánach – Cealú / Díchlárú

Sa chás go scoireann do chonradh nó do ghníomhaíochtaí trádála i bPoblacht na hÉireann, tá dualgas ort d'Uimhir Clárúcháin Cánach a chealú. Chun d'uimhir cláraithe cánach a chealú, ba chóir teagmháil a dhéanamh leis na Coimisinéirí Ioncaim, Loch Garman, Éire ar +353 1 7383613 nó trí ríomhphost a sheoladh chuig [regsouth@revenue.ie](mailto:regsouth@revenue.ie) nó féadtar Fógra Cealaithe Clárúcháin Cánach a chomhlánú. Féadtar teacht ar an bhfoirm seo ar ár suíomh idirlín ar <https://www.revenue.ie/ga/employing-people/documents/form-trcn1.pdf>. Ba chóir foirmeacha comhlánaithe a chur ar ais chuig an seoladh thíos.

### Ba chóir na foirmeacha comhlánaithe thuas uile a chur ar ais chuig:

Na Coimisinéirí Ioncaim

Bosca Oifige Poist Uimhir 1

Loch Garman

Éire

Fón: +353 1 7383613

ríomhphost: [regsouth@revenue.ie](mailto:regsouth@revenue.ie)

Bailíonn na Coimisinéirí Ioncaim cánacha agus dleachtanna agus cuireann siad rialuithe custam i bhfeidhm. Iarrann na Coimisinéirí Ioncaim ar chustaiméirí sonraí pearsanta áirithe a sholáthar chun na gcríocha seo agus chun roinnt feidhmeanna eile reachtúla a chomhlíonadh, faoi mar a shannann an tOireachtas. Féadtar do shonraí pearsanta a mhalartú le Ranna agus gníomhaireachtaí eile Rialtais faoi chúinsí áirithe sa chás go bhforáiltear seo sa dlí. Tá sonraí iomlána faoi bheartas um chosaint sonraí na gCoimisinéirí Ioncaim ina leagtar amach an gcaoi a n-úsáidfimid do shonraí pearsanta chomh maith le eolas i ndáil le do chearta mar ábhar sonraí ar fáil ar ár leathanach **Priobháideachas** ar [www.revenue.ie](http://www.revenue.ie). Tá sonraí faoin mbeartas seo ar fáil i gcrúachóip chomh maith, ach é sin a iarraidh.

Ní comhairle ghairmiúil atá sa doiciméad seo ach treoir amháin, agus níor cheart a mheas gur comhairle dhlíthiúil é ach an oiread. Níor chóir go nglacfar leis gur treoir cuimsitheach é, nó go dtugann sé freagra cinntitheach i ngach cás.